



ÁRDEAGLAIS  
NAOMH FIONN BARRA

**SEIRBHÍS NA NÓNA 31 DEIREADH FÓMHAIR SAMHAIN 2020**

**CRUINNIÚ PHOBAL DÉ**

Go raibh an Tiarna libh.

**Agus leat féin.**

**Intreoir**

A lucht na páirte i gCríost,  
táimid cruinnithe le chéile anseo  
lenár n-adhradh agus ár moladh agus ár mbuíochas  
a thairiscint do Dhia uilechumhachtach;  
lenár bpeacaí a admháil agus le maithiúnas Dé a fháil,  
le fógairt a bhriathair naofa a chloisteáil,  
lenár riachtanais féin agus riachtanais an domhain mhóir a chur  
roimhe,  
agus le guí air trí chumhacht a Spioraid  
go ndéana muid seirbhís dó  
ionas go mb'eol dúinn liacht a ghrá.

**Admháimis ár bpeacaí do Dhia, dár nAthair Síoraí.**

Tost

**A Athair neamhaí**

**pheacaigh muid i d'éadan agus in éadan ár gcomhdhaoine  
le smaoineamh agus le briathar agus le gníomh,**

**trí fhaillí, trí laige,**

**trínár gcoir agus trínár dtoil féin;**

**trína bhfuil déanta againn,**

**agus trínar theip orainn a dhéanamh.**

**Tá brón ó chroí orainn agus aithreachas as ár bpeacaí uile.**

**As ucht do Mhic Íosa Críost a fuair bás ar ár son,**

**tabhair aithiúnas dúinn ina bhfuil déanta;**

**agus deonaigh dúinn seirbhís a dhéanamh duit**

**in úire na beatha**

**ar nós a mhéadóidh glóir d'ainm. **Áiméan****

**An Aspalóid**

A Dhia na gcumhachtaí

a thugann maithiúnas do lucht an fhíoraithreachais,

go ndéana sé trócaire oraibh,

go dtuga sé maithiúnas daoibh in bhur bpeacaí uile

agus go bhfuasclaí sé uathu sibh,

go ndaingní agus go ndearbhaí sé gach dea-shuáilce ionaibh,

agus go mbuanaí sé an bheatha shíoraí ionaibh;

trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

***Seasann cách***

A Thiarna, oscail ár mbéal:

**Agus seinnfidh ár dteanga do mholadh.**

A Dhia, tar go lúfar dár bhfuascailt.

**A Thiarna, déan tapa dár dtarrtháil.**

Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh:

**Mar a bhí ar dtús, mar atá anois, agus mar a bheas go**

**brách: trí shaol na saol. **Áiméan.****

Molaigí an Tiarna:  
**Moltar ainm an Tiarna.**

## **An Chéad Chaintic**

## **Ecce Nunc**

## **Salm 134**

1. Teanaigí agus molaigí an Tiarna , a sheirbhíseacha uile an Tiarna  
A bhíonn in bhur seasamh i dteach an Tiarna,

I gcúirteanna theach ar nDé

2. Tógaigí bhur lámha chun an tsanctóra , agus déanaigí an Tiarna a mholadh:

Go mbeannaí an Tiarna amach as Sión thú, is é a rinne neamh agus talamh

Glór don Athair agus don Mhac,

Agus don Spiorad Naomh

Mar a bhí ar dtús, mar atá anois,

Agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol .Áiméan

## **An Chéad Léacht**

### **Léacht ó Iósua caibidil 2 ag tosnú ag vérsa 15**

15 Ansin lig Rácháb síos iad ar théad ón bhfuinneog ,mar bhí an teach buailte le balla na cathrach ach í ina conaí laistigh den bhalla. 16 Dúirt sí leo: “Suas libh faoi na sléibhte chun éalú ón tóir atá oraibh. Téigí i bhfolach ar feadh trí lá go bhfillfidh an tóir agus ansin imígí libh.”

17 D'fhreagair na fir: “An mionn a chuir tú d'iallach orainn a mhionnú duit, ní luífidh sé orainn ach ar na coinníollacha seo:

18 Féach nuair thiocfaimidne isteach sa tír déansa an coirdín craorag seo a cheangal den fhuinneog ónar scaoil tú anuas sinn; ní foláir duit d'athair agus do mháthair agus muintir d'athar ar fad a thabhairt leat isteach i do theach. 19 Má théann aon duine thar thairseacha do thí , amach sa tsráid, beidh a chuid fola sa mhullach air féin, ach beimidne neamhchiontach; ach má leagtar lámh ar aon duine a

bheidh farat sa teach, beidh a chuid fola sa mhullach orainne. 20Ach má sceitheann tú ar an ngnó seo againne, ansin beimid saor ón mionn a chuir tú d'iallach orainn a thabhairt duit.”

21Agus dúirt sí: “Bíodh mar a deir sibh.” Scaoil sí leo agus d'imíodar. Cheangail sí an coirdín craorag den fhuinneog.

22Chuireadar chun siúil agus suas leo faoi na sléibhte, agus d'fhanadar ansiúd trí lá go dtí gur fhill an tóir, tar éis dóibh an dúiche go léir a chuardach, ach gan iad a fháil. 23Ansin tháinig an bheirt anuas ó na sléibhte agus anall thar abhainn leo agus tháingadar go lósua mac Nún agus d'insíodar dó gach ar tharla dóibh. 24Dúradar le lósua: “Tá an tír go léir tabhartha faoinár láimh ag an Tiarna, agus tá ballchrith ar a gcónaíonn ann le heagla romhainn.”

*Féadtar tost a choinneail I ndiadh na léachta*

### **An Dara Caintic**

### **Magnificat**

### **Lúcas 1:46-55**

1 Mórann m'anam an Tiarna

**Agus rinne mo Spiorad gairdeas I nDia mo Shlánaitheoir**

2 Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh;

**mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom**

3 Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom :

**Agus is naofa a ainm**

4 Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin :

**dóibh seo ar a mbíonn a eagla**

5:Thaispeáin se neart a láimhe :

**scaip se an dream a bhí uaibhreach I smaointe a gcroí.**

6: Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha:

**Agus d'ardaigh sé daoine ísle.**

7: Lión se lucht an ocrais le nithe maithe:

**Agus chuir se na saibhre uaidh folamh .**

8: D'fhóir se ar Iosrael a sheirbhíseach :

**ag cuineamh dó ar a thrócaire**

9 de réir mar gheall se dár sinsir:

**d'Abraham agus dá shliocht go brách**

Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, agus mar a bheas go brách,

trí shaol na saol. Áiméan.

**An dara léacht :**

**Léacht ó Matha caibidil 23 ag tosnú ag vérsa 13**

13“Is maírg daoibhse, a scríobhaithe agus a Fhairisíneacha bréagchráifeacha, mar go ndúnann sibh ríocht na bhflaitheas in éadan na ndaoine; óir ní théann sibh féin isteach, agus iad seo a bhíonn ag dul isteach, bacann sibh iad.

15“Is maírg daoibh, a scríobhaithe agus a Fhairisíneacha bréagchráifeacha, mar go ngabhann sibh thar farraigí agus ar fud tíortha chun aon duine amháin a iompú chugaibh, agus ar iompú dó, go ndéanann sibh mac mallachta de -níos measa faoi dhó ná sibh féin.

16“Is maírg daoibh, a ghiollaí dalla a deir: ‘Cibé a mhionnaíonn dar an sanctóir, is cuma é sin; ach cibé a mhionnaíonn dar ór an tsanctóra, bíonn ceangal air.’ 17A dhaoine atá dall gan tuiscint, cé acu is mó le rá, mar sin, an t-ór féin nó an sanctóir faoi deara an t-ór a bheith naofa?

18Deir sibh fós: ‘Cibé a mhionnaíonn dar an altóir, is cuma é sin;

ach cibé a mhionnaíonn dar an ofráil atá anuas ar an altóir, bíonn ceangal air.’ 19A dhaoine dalla, cé acu ís mo le rá, mar sin, an ofráil, nó an altóir faoi deara an ofráil a bheith naofa? 20Dá bhrí sin, an té a mhionnaíonn dar an altóir, mionnaíonn sé dar an altóir agus dar a bhfuil anuas uirthi. 21Agus an té a mhionnaíonn dar an sanctóir, mionnaíonn sé dar an sanctóir agus dar an té a chónaíonn ann, 22agus an té a mhionnaíonn dar neamh, mionnaíonn sé dar ríchathaoir Dé agus dar an té atá ina shuí inti.

### **An Triú Caintic Nunc Dimittis *Amhrán Shimeoin. Lúcas 2. 29-32***

- 1 Anois atá tú ag scaoileadh do sheirbhísigh uait, a Thiarna: ■  
de réir d’fhocail, faoi shíocháin.
  - 2 Mar tá mo shúile tar éis do shlánú a fheiceáil: ■  
atá ullamh agat faoi chomhair na bpobal uile.
  - 3 Solas chun na náisiúin a shoilsiú: ■  
agus glóir do phobal Iosrael.
- Glóir don Athair, agus don Mhac, ■  
agus don Spiorad Naomh;  
mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■  
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

**ADMHÁIL CREIDIMH** Admhaímis ár gcreideamh i nDia.

Creidimid i nDia an tAthair

**As a ainmnaítear gach aon chlann ar neamh agus ar talamh.**

Creidimid i nDia an Mac

**Atá beo inár gcroíthe trí chreideamh,**

**Agus a líonann sinn lena ghrá.**

Creidimid i nDia an Spiorad Naomh

**A neartaíonn sinn**

**Le cumhacht ó uachtar neimhe.**

Creidimid in aon Dia amháin,

**Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Áiméan**

**Guí an Phobail**

Go raibh an Thiarna libh.

**Agus leat féin.**

Guímis

A Thiarna, déan trócaire.

**A Chríost, déan trócaire.**

A Thiarna, déan trócaire.

Ár nAthair, atá ar neamh,  
go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht,  
go ndéantar do thoil ar talamh mar a dhéantar ar neamh.  
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.  
Agus maith dúinn ár bhfiacha,  
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.  
Agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ón olc.  
Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht,  
agus an ghlóir, trí shaol na saol. Áiméan.

Foilsigh do thrócaire, a Thiarna **Agus deonaigh dúinn do shlánú**

A Thiarna, treoraigh agus cosain ár rialtóirí **Agus bronn an eagna ar  
ár rialtas**

Bíodh an fírinne mar éadach ar do mhinistrí **Agus ligeach do  
sheirbhísigh gáir áthais astu**

A Thiarna soar do phobal **Agus beannaigh an dream atá tofa agat**

Tabhair síocháin lenár linn ,a Thiarna **Agus bíodh do ghlóir ar fud an talamh**

A Dhia chruthaigh croí glan ionainn **Agus athnuaigh le do Naomhspiarad sinn**

## **Orthaí na Nóna**

.Ortha an Cúigiú Domhnach roimh an Aidbhint

### **A Thiarna beannaithe**

**Ós dár dteagasc a d'ordaigh tú scríobh gach Naomhscriptúir  
Deonaigh go n-éistimid mar seo leo , a léamh , a dtabhairt dár n-  
aire, A bhfoghlaím ar ár dteanga Agus a dtaisceadh inár gcroíAr nós  
le foighne agus le fortacht ó de Bhriathar Naofa Go bhfaighimid  
greim a bheas daingean docht go deo ,Ar dhóchas beannaithe na  
beatha síoraí Atá tugtha agat dúinn inár Slánaitheoir Íosa Críost**

**Deonaigh a Thiarna, go raibh an briathar seo agat a chloisimid inniu  
ag cur a fhréamhacha inár gcroí,  
go dtí go gcaithimid ár saol de réir do thola naofa,  
ag síor-sheim do mholta agus ag méadú glóir d'ainm.  
Trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.**



## **Paidreacha Idirghuí:**

A Thiarna Dia, a Athair na bhflaitheas,  
gheall tú ó bhéal do Mhic Íosa Críost  
go n-éistfeá le hurnaithe lucht an chreidimh.

1: San am dushlánach seo chuimhnímíd ar na hEaglaisí agus na Creidimh go léir sa tír seo. Gúimíd ar son na cléir éagsúla go léir go mbeidh siad in ann cabhair spioradálta a thabhairt dos na daoine atá faoi brú agus go dtigfadh siad go bhfuil ár nDia leo sa gcéirceim seo

A Thiarna Éist Linn

**A Thiarna bí ceansa agus éist linn**

2: Agus an domhain go léir faoi brú guimís ar son An Eagraíocht Slainte an Domhain atá ag iarraidh cosc a chur ar an galar ar fud an domhain.

A Thiarna Éist Linn

**A Thiarna bí ceansa agus éist linn**

3: Cuinnimid ar na saineolaí sna Chomhlactaí ar fud an domhain atá ag déanamh taighde ar vacsain go mbeidh siad ag comhoibrú lena ceile ag dul chun cinn agus sa deireadh ,le cúnamh Dé, go mbeidh leigheas le fáil.

A Thiarna Éist Linn

**A Thiarna bí ceansa agus éist linn**

4: Sa tír seo leis an dara dianghlaisáil gúimís ar son ár Rialtas agus gach duine sa Feidhmeannach na Seirbhís Slainte agus na eaghriochtaí eile atá ag obair ar ár son

A Thiarna Éist Linn

**A Thiarna bí ceansa agus éist linn**

5: Tugaimid buíochas dos na cumainn deaonacha atá ag tabhairt cabhair dá chomharsan sa géirchéim seo --cosúil le Naomh Vincent de Paul, Cumann Lúthcleas Gael, Age Action agus araile agus na daoine atá ag tabhairt cabhair go ciúin dár gcomharsain.

A Thiarna Éist Linn

**A Thiarna bí ceansa agus éist linn**

## **Tost**

Ag deireadh na paidreacha guímís

**A Athair na trócaire,  
glac leis na hachainíocha seo uainn  
as ucht do Mhic  
ár Slánaitheoir Íosa Críost. Áiméan**

## ***Ag Imeacht mar Phobal Dé***

Go raibh an Tiarna libh.

**Agus leat féin.**

Beannaímis ainm an Tiarna.

**Buíochas le Dia.**

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost  
agus grá Dé  
agus cumann an Spioraid Naoimh linn go léir.

**Áiméan.**